



DGLINC



MOLTAÍ DO

CHAINTEOIRÍ LE

CIANROCHTAIN


1. ROIMH AN gCRUINNIÚ:

► Nótaí don óráid

Má tá nótaí don óráid agat, seol cóip díobh chuig na hateangairí ag an seoladh ríomhphoist: ✉ LINC.documents@ep.europa.eu agus luaigh an seisiún agus an mhír ar an gclár oibre. I gcomhthéacs físchomhdháil le hateangaireacht, labhair go nádúrtha le do thoil agus **iarrtar ort gan díreach an téacs a léamh amach.**

► Chun ceangal a dhéanamh: iPad nó ríomhaire pearsanta

Chun páirt a ghlacadh i gcruinniú, teastóidh ceann acu seo uait:



iPad atá luchtaithe go hiomlán agus nuashonraithe, le brabhsálaí Safari



NÓ



Ríomhaire pearsanta (Apple san áireamh), le brabhsálaí Chrome (v.69 nó os a chionn).



Download Chrome

Déan do iPad a nuashonrú chun é a chur i gcomhréir leis an gcóras oibríochtúil is déanaí agus múch na feidhmchláir chúlra uile. Déan cinnte go bhfuil nasc idirlín cobhsaí ann do d'fheiste agus go bhfuil an cadhnra ag 100 %. Más féidir é, ná bíodh ach d'fheiste féin nasctha le do WiFi. Ná dearmad d'fhearas cinn nó do chluasáin sreangaithe a phlugáil isteach. Bíonn cluasáin Bluetooth ina gcúis le trasnaíocht bhreise agus le fadhbanna nascachta, agus tá cosc orthu, dá bhrí sin. Ná dearmad gach foláireamh fuaimne a mhúchadh ar d'fheiste (ríomhphoist isteach etc.).

1. ROIMH AN gCRUINNIÚ:

▶ **Bíonn torann cúlra ina chúis le trasnaíocht**

Ba cheart gach córas aeraithe, téimh nó aerchóirithe a chasadh as nó a ísliú síos ar fad. Déan iarracht a bheith chomh fada agus is féidir leat ó na foinsí sin de thruailliú fuaime. Ba cheart fuinneoga agus doirse a bheith dúnta. Coimeád d'fhón póca ciúin.

▶ **Ceamara agus íomhá**

Caithfidh feiceáil shoiléir a bheith ort – ní hamháin do na daoine eile ag an gcruinniú, ach do na hateangairí a mbeidh orthusan thú a fheiceáil freisin. Roghnaigh cúlra neodrach agus bíodh soilsiú maith ann. Ná bíodh solas láidir, amhail fuinneog, ar do chúl. Suigh 50-70cm ón gceamara, féach isteach sa cheamara chun éifeacht na teagmhála súl a chruthú agus cinntigh go bhfuil tú i lár an scáileáin. Cuimhnigh go dtaispeánfar thú ar scáileáin na rannpháirtithe, ar shuíomh gréasáin na Parlaimint do chruinnithe a ndéantar sruthú gréasáin orthu, agus ar scáileáin na n-ateangairí: ní féidir leo ateangaireacht ar ardcháilíocht a dhéanamh gan tú a fheiceáil, mar sin coinnigh an ceamara ar siúl agus dírithe ort féin.

▶ **Micreafón agus fuaim**

Chun cáilíocht fuaime iomchuí a áirithiú, úsáid fearas cinn ardcháilíochta a mbeidh micreafón ionsuite ann, le do thoil; ná húsáid ceann gan sreang - is féidir Bluetooth a bheith ina chúis le trasnaíocht gan iarraidh agus le fadhbanna nascachta. Is é an gaireas is fearr ná fearas cinn le cealú macalla agus micreafón aontreoch de cháilíocht atá oiriúnach d'aithint chainte.

2.

LE LINN AN CHRUINNITHE:

▶ **Ag labhairt**

Bí foighneach, le do thoil, nuair a bheidh tú ag iarraidh labhairt. Fan go dtí go luafaidh an Cathaoirleach nó an t-áisitheoir d'ainm agus go n-iarrtar ort labhairt. Tiocfaidh dath gorm ar an gcnaipe **SPEAK** (Labhair), agus beidh cead cainte agat. Ansin, caithfidh tú an cnaipe **SPEAK** (Labhair) a bhrú **aon uair amháin** agus fanacht 3 mheandar go gceanglóidh do mhicreafón agus do cheamara sula dtosóidh tú ag labhairt. Chun an leas is fearr a bhaint as d'am labhartha, suigh go socair, labhair go nádúrtha, úsáid abairtí simplí agus abair do phríomhtheachtaireacht an athuir le bheith cinnte go mbeidh sé cloiste ag na rannpháirtithe uile sa chás go mbeadh aon bhriseadh isteach ar an bhfuaim nó ar an nasc. Seachain rudaí a áitiú ar bhealach róchasta. Má bhíonn aon fhadhb ann i rith an tarchuir, déan athrá le do thoil ar an bpointe roimhe sin nó ar an abairt deiridh a dúirt tú.

▶ **Ateangaireacht**

Meabhraigh gur féidir le torann, trasnaíocht nó trácht idirlín cur isteach ar cháilíocht an tarchuir agus, dá bhrí sin, ar an ateangaireacht. Ní féidir a bheith ag dréim leis go mbeidh cáilíocht na hateangaireachta chomh hard agus a bhíonn i seomra cruinnithe sa Pharlaimint féin. Bí tuisceanach, le do thoil, sa chás go gcuirtear isteach ar an ateangaireacht ag éirí as an suíomh teicniúil casta seo.

3.

I nDIAIDH AN CHRUIINNITHE:

▶ **Aiseolas**

Chun cabhrú linn feabhas a chur ar cháilíocht ár seirbhísí, ná bíodh drogall ort aiseolas a thabhairt dúinn trí ríomhphost a sheoladh chuig:

✉ LINC.feedback@ep.europa.eu

Luaigh sa teachtaireacht sin, le do thoil, an **teideal** agus an **dáta** don chruinniú atá i gceist.



DGLINC
#POWEREDbyDGLINC



CUIR DO THEACHTAIREACTH IN IÚL

GO RAIBH MAITH AGAT

AS DO CHOMHOIBRIÚ.

ATEANGAIRÍ PE